

Treoirlínte agus Cur Chuige um  
Chaomhnú Páistí



AN ROINN OIDEACHAIS  
AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF  
EDUCATION  
AND SCIENCE

## Clár

<b>Brollach</b>	<b>AG AN AIRE OIEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA</b>	<b>3</b>
<b>Caibidil 1</b>	<b>RÉAMHRÁ AGUS FRÁMAÍOCHT DHLÍTHIÚIL</b>	<b>5</b>
	1.1 Réamhrá	5
	1.2 Rúndacht	5
	1.3 An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Mí-úsáid Páistá, 1998	6
	1.4 Pribhléid shrianta	6
	1.5 An tAcht um Shaoráil Faisnéise	7
<b>Caibidil 2</b>	<b>FREAGRACHTAÍ UM PHEARSANRA UILE NA SCOILE</b>	<b>8</b>
	2.1 Ginearálta	8
	2.2 An Duine Caidrimh Ainmnithe	8
	2.3 Conas comharthaí mí-úsáide féideartha a aithint	8
	2.4 Conas déileáil le heolas a nochtann páistí	9
	2.5 Ag feighil taifead	10
<b>Caibidil 3</b>	<b>AG TUAIRISCIÚ ÁBHAR IMNÍ AGUS RÓL NA mBORD SLÁINTE</b>	<b>11</b>
	3.1 An beart atá le déanamh ag pearsanra scoile	11
	3.2 An beart atá le déanamh ag an Duine Caidrimh Ainmnithe	11
	3.3 Ról na mbord sláinte	12
	3.4 Comhdhálacha um chaomhnú páistí	13
<b>Caibidil 4</b>	<b>LÍOMHAINTÍ NÓ AMHRAS FAOI PHÁISTÍ A BHEITH Á MÍ-ÚSÁID AG FOSTAITHE SCOILE</b>	<b>15</b>
	4.1 Réamhrá	15
	4.2 An modh tuairiscithe	15
	4.3 An beart atá le déanamh ag an gCathaoirleach	16
	4.4 Iarobair bhreise de dhíth	17
	4.5 Aiseolas ó bhoird sláinte	18
<b>Caibidil 5</b>	<b>MÍ-ÚSÁID PIARAÍ AGUS BULAÍOCHT</b>	<b>19</b>
	5.1 Réamhrá	19
	5.2 Mí-úsáid ghnéasach á tabhairt ag páistí agus daoine óga	19
	5.3 Bulaíocht	20

## Réamhrá ón Aire Oideachais agus Eolaíochta



Baineann caomhnú an pháiste le gach saoránach sa Stát seo. Tá sé de theideal ag páistí súil a bheith acu le gach caomhnú féideartha, agus lena leithéid a fháil, ó na daoine agus ón a Stát chun a dheimhniú go mbeidh a mblianta leanbaíochta lán de thaithí shásúil shaibhrithe agus iad ar scoil nó le linn a saolta laethúla sa chomhphobal.

Sna blianta deireanacha is feasach, mar shochaí, dúinn na fadhbanna agus na héifeachtaí a bhaineann le mí-úsáid páiste. Rinne an Rialtas, trí oifig an Aire Stáit lena mbaineann Freagracht Speisialta as Páistí, treoirlínte ginearálta nua um Chaomhnú Páiste a fhorbairt ar a dtugtar "Children First" i Mí Mheán Fómhair 1999.

Ag éirí as na moltaí a bhí sa "Children First", tá athbhreithniú déanta ar na treoirlínte a bhaineann le caomhnú páiste ag mo Roinn, i gcomhairle leis na páirtithe in oideachas agus le hionadaithe na hearnála sláinte. Tá an t-athbhreithniú slánaithe anois agus de thoradh sin tá treoirlínte nua ar a dtugtar "Nósanna Imeachta agus Treoirlínta um Chaomhnú Páiste" ar fáil.

Tá na Nósanna Imeachta agus Treoirlínte nua seo le haghaidh bunscoileanna bunaithe ar chur chuige "Children First" ach rinneadh iad a fhorbairt, ach go háirithe, do bhunscoileanna. Is é atá in aigne againn ná cabhrú le gach údaras bainistíochta scoile agus le gach pearsanra scoile chun an páiste a chaomhnú agus chun déileáil le líomhain tí le hamhras maidir le mí-úsáid páiste agus chun treoir agus comhairle a thabhairt i gcás a leithéide.

Mar bhreis ar na Treoirlínte, tá mé ceangailte go ndéanfar chlár oiriúnacha oiliúna a sholáthar ag an Roinn le haghaidh na n-oidí uile ach, go háirithe, le haghaidh na n-oidí ar leith a bheidh sainithe mar Dhaoine Caidrimh faoi na Treoirlínte seo.

Ba mhaith liom fíorbhuíochas a ghabháil do gach duine a bhí i gceist maidir leis na Treoirlínte seo a ullmhú. Tá mé cinnte go ndéanfaid siad foinsé thábhachtach thagartha a sholáthar do gach duine sa chomhphobal scoile a bheidh ag déileáil le caomhnú páiste.

A handwritten signature in blue ink that reads "Michael Woods". The signature is written in a cursive, flowing style.

Dr. Michael Woods, T.D.,  
Aire Oideachais agus Eolaíochta  
Márta 2001

# Caibidil I **RÉAMHRÁ AGUS FRÁMAÍOCHT DHLÍTHÚIL**

## **I.1 Réamhrá**

**I.1.1** Rinneadh na treoirlínte atá sa doiciméad seo a dhréachtadh de thoradh plé idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, na boird sláinte agus eagrais a d'ionadh bainistíocht scoileanna, tuismitheoirí agus múinteoirí. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar na Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (*Children First*), treoirlínte nua a d'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí níos túsce sa bhliain. Tá cóip de na Treoirlínte Náisiúnta iniata mar eolas. Ba chóir na treoirlínte seo a léamh i dteannta le *Children First*.

**I.1.2** Is é bunaidhm na dtreoirlínte seo do scoileanna stiúrthóireacht agus treoir a thabhairt d'údaráis bhainistíochta scoileanna agus do phearsanra scoileanna agus iad ag déileáil le líomhaintí/amhras faoi mhí-úsáid páistí. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm leo dóthain eolais a sholáthar d'údaráis scoileanna náisiúnta agus do phearsanra scoileanna chun a chur ar a gcumas bheith san airdeall ar agus bheith feasach ar cad ba chóir a dhéanamh i gcásanna ina mbeifí inmíoch nó amhrasach faoi mhí-úsáid páistí.

**I.1.3** I ngach cás, is í an toisc is tábhachtaí atá le cur san áireamh ná caomhnú páistí. I dtaca leis seo, aibhsítear sna treoirlínte seo go gcaithfear tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht agus folláine an pháiste. Má bhíonn imní ar phearsanra scoileanna go bhféadfadh mí-úsáid a bheith á himirt ar pháistí a mbíonn teagmháil acu leo ba chóir dóibh tuairisc a thabhairt gan mhoill don bhord sláinte ábhartha.

**I.1.4** Ar mhaithe le cúram agus caomhnú páistí, tá sé de dhualgas ar údaráis scoileanna agus ar mhúinteoirí cloí leis na treoirlínte seo agus iad ag plé le líomhaintí nó le hamhras faoi mhí-úsáid páistí. Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, na boird sláinte agus na comhpháirtithe san oideachas ar aon fhocal gur chóir na treoirlínte seo a leanúint i gcónaí. Glacann na treoirlínte seo áit na dtreoirlínte a soláthraíodh do gach bunscoil i 1991.

## **I.2 Rúndacht**

**I.2.1** Ba chóir gach faisnéis maidir le himní faoi mhí-úsáid a bheith á himirt ar pháistí a roinnt leo siúd amháin a bhfuil dualgas orthu an t-eolas a fháil, ar mhaithe leis an bpáiste. Is é an tslat tomhais ná baint ar bith nó ról dlísteanaigh a bheith ag an duine maidir le déileáil leis an gceist.

**I.2.2** Ní briseadh rúndachta é, áfach, faisnéis a thabhairt dóibh siúd ar gá dóibh an fhaisnéis a bheith acu, chun páiste arbh fhéidir gur mí-úsáideadh é/i, nó a mí-úsáideadh a chosaint.

**I.2.3** Aon Duine Caidrimh Ainmnithe (féach, le do thoil, Caibidil 2, Alt 2.2, leathanach 8 de na treoirlínte seo) atá ag cur tuairisce chuig an mbord sláinte nó An Garda Síochána ba chóir dó/di é sin a rá leis an tuismitheoir/gcaomhnóir, sin mura cosúil go gcuirfeadh sé seo an páiste i gcontúirt nó go dtarraingeodh sé baol breise ar an bpáiste. Má dhéantar cinneadh gan é a rá

leis an tuismitheoir/gcaomhnóir ba chóir é seo a thairfeadh go gonta maille leis na cúiseanna nach ndearnadh é.

**1.2.4** Ní hé ar fhoireann na scoile atá an fhreagracht faisnéis a chur ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí, agus i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé nach é a leas a dhéanfadh sé seo. Is gnó é don bhord sláinte cuí mí-úsáid amhrasach a fhiosrú agus cinneadh ar cén gníomh ba chóir a dhéanamh, agus an t-eolas a thabhairt don Gharda Síochána san áireamh.

**1.2.5** I gcásanna éigeandála, nuair is cosúil go bhfuil páiste i bpríacal mór láithreach, agus nuair nach féidir teagmháil a dhéanamh leis an mbord sláinte cuí, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána láithreach. Níor chóir ar chúis ar bith páiste a fhágáil i ndáil chontúirteach go dtí go ndéanfadh an bord sláinte cuí idirghabháil.

### **1.3 An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Mí-úsáid Páistí, 1998**

**1.3.1** Tháinig an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Mí-úsáid Páistí, 1998 i bhfeidhm ar an 23 Eanáir 1999. Is iad seo a phríomh-fhorálacha:

- i) Go dtugtar díolúine ó dhliteanas sibhialta díaoon duine a thugann tuairisc faoi mhí-úsáid páistí “go réasúnta agus le hintinn mhaith” díoifigigh ainmnithe i mboird sláinte nó d'aon bhall den Gharda Síochána
- ii) Go dtugtar cosaint shuntasach d'fhostaithe a thugann tuairisc faoi mhí-úsáid páistí. Cuimsíonn an chosaint seo gach fostaí agus gach cineál leithcheala aníos go dtí briseadh, agus é sin féin san áireamh.
- iii) Go gcruthaítear cion nua, is é sin tuairisciú bréagach ar mhí-úsáid páistí mar a dtugann duine tuairisc ar mhí-úsáid páistí do na húdaráis chúí “agus a fhios aige/aici go bhfuil an ráiteas sin bréagach”. Is cion nua coiriúil é seo ar aidhm dó daoine neamhchiontacha a chosaint ar thuairisciú mailíseach.

### **1.4 Pribhléid shrianta**

**1.4.1** Cé nach mbaineann an chosaint dhlíthúil atá rianaithe in 1.3 thuas ach le tuairiscí a thugtar do na húdaráis chúí (i.e. boird sláinte agus An Garda Síochána), níl aon athrú déanta ag an reachtaíocht seo ar an scéal maidir le pribhléid shrianta an dlí choitinn a bhfuil feidhm léi i gcónaí mar a bhí roimhe. Ar an ábhar sin, dá soláthródh ball de Bhord Bainistíochta nó de phearsanra scoile eolas maidir le hamhras faoi mhí-úsáid páistí do Dhuine Teagmhála Ainmnithe na scoile, nó do chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, mheasfaí pribhléid shrianta a bheith ag baint lena leithéid de chumarsáid faoin dlí coiteann.

**I.4.2** Tagann pribhléid shrianta i gceist nuair a bhíonn dualgas ar an té a bhíonn ag déanamh na cumarsáide é sin a dhéanamh, nó ceart nó cúram aige/aici an páiste a chosaint agus nuair a dhéantar an chumarsáid le duine a bhfuil a mhacasamhail de dhualgas air/uirthi, nó de cheart nó de chúram. An duine a thabharfadh an tuairisc, agus é/í ag gníomhú in loco parentis, bheifí ag súil gur chun leasa an pháiste a bheadh sé/sí ag gníomhú agus mheasfaí an duine a bheadh ag tabhairt na tuairisce ar an amhras a bheith ag gníomhú ar an dóigh chéanna. Ní féidir an phribhléid a chur i leataobh ach sa chás gur féidir a bhunú gur ghníomhaigh an duine a bhí ag tabhairt na tuairisce go mailíseach.

**I.4.3** Lena chois sin, daoine a thugann tuairisc ar eolas a nochtann páiste ní áirítear go bhfuil siad ag déanamh líomhna mar chúisiú, ach ag comhlíonadh a ndualgas le hintinn mhaith. Ní ag cur rud i leith duine ná á c(h)úisiú atá siad.

## **I.5 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997**

**I.5.1** D'fhéadfadh aon tuairisc a thabharfaí do bhoird sláinte a bheith faoi réir ag forálacha an Acht aum Shaoráil Faisnéise, 1997, a chuireann ar chumas baill den phobal teacht a bheith acu ar eolas pearsanta a bhaineann leo atá i seilbh comhlachtaí poiblí. Mar sin féin, forálann an tAcht um Shaoráil Faisnéise freisin gur féidir le comhlachtaí poiblí gan ligean do dhaoine teacht ar eolas a fuarthas faoi rún.

## Caibidil 2 FREAGRACHTAÍ UM PHEARSANRA UILE NA SCOILE

### 2.1 Ginearálta

**2.1.1** Tá sé de dhualgas ar scoileanna féachaint leis an gcaighdeán cúraim is airde is féidir a sholáthar do na daltaí d’fhonn a bhfolláine a chothú agus iad a chosaint ar dhíobháil.

**2.1.2** Bíonn faill mhaith ag pearsanra uile na scoile go sonrath athruithe iompair, easnamh foráis nó comharthaí seachtracha mí-úsáide i bpáistí a thabhairt faoi deara. I gcásanna ina mbíonn pearsanra scoile san amhras faoi mhí-úsáid, ba chóir dóibh féachaint chuige go dtugtar tuairisc ar ábhair inmí dá leithéidí de réir na modhanna atá rianaithe i gCaibidil 3 de na treoirlínte seo.

### 2.2 An Duine Caidrimh Ainmnithe

**2.2.1** Caithfidh gach Bord Bainistíochta ball sinsearach den fhoireann a ainmniú a mbeidh freagracht shainiúil air/uirthi as cosaint páistí. Duine Caidrimh Ainmnithe don scoil a bheidh sa duine seo i ngach déileáil le boird sláinte, An Garda Síochána agus páirtithe eile i dtaca le líomhaintí mí-úsáide. Ba chóir na páirtithe eile seo a chomhairliú gur cheart dóibh gach ní a bhaineann le próiseáil nó fiosrú mí-úsáide líomhnaithe a riar tríd an Duine Caidrimh Ainmnithe. Táthar ag súil gurb é/í an Príomhoide an Duine Caidrimh Ainmnithe de ghnáth.

**2.2.2** Mura bhfuil an Duine Caidrimh Ainmnithe ar fáil, cibé cúis atá leis, ba chóir socrúithe a bheith déanta go ngabhfadh ball ainmnithe eile den fhoireann a c(h)uid dualgas air/uirthi féin.

**2.2.3** Ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe, nó an té atá ainmnithe ina (h)áit, a chur in iúl do Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile láithreach go bhfuil tuairisc a bhaineann le dalta sa scoil curtha i láthair an bhoird shláinte ábhartha.

### 2.3 Conas comharthaí mí-úsáide féideartha a aithint

**2.3.1** Rianaítear comharthaí mí-úsáide féideartha i gCaibidil a Trí agus in Aguisín a hAon de Threoirlínte *Children First*. Ba chóir do mhúinteoirí iad féin a dhéanamh eolach ar ábhar na míreanna seo. Níor cheart aon táscaire ar leith a mheas mar fhianaise chinntitheach ann féin – d’fhéadfadh sé riochtaí seachas mí-úsáid páistí a léiriú. Tá sé tábhachtach go léifeadh pearsanra uile na scoile míreanna ábhartha na dTreoirlínte *Children First* nuair a bhíonn siad inmíoch faoi mhí-úsáid fhéideartha. Ba chóir don Duine Teagmhála Ainmnithe a bheith in ann cóip de na Treoirlínte *Children First* a sholáthar do phearsanra na scoile.

**2.3.2** Deir na Treoirlínte *Children First* gur chóir scéala a thabhairt i gcónaí do bhord sláinte áit a mbíonn amhras réasúnta ar dhuine nó ábhar inmí réasúnta aige/aici gur mí-úsáideadh páiste nó go bhfuil sé/sí á m(h)í-úsáid nó go bhfuil sé/sí i mbaol mí-úsáide. Luaitear na heiseamláirí seo mar chinn a bheadh ina ábhar inmí réasúnta:

- i) Eolas sainiúil ón bpáiste gur mí-úsáideadh é/í;
- ii) Cuntas ó dhuine a chonaic an páiste á m(h)í-úsáid;
- iii) Fianaise, mar ghortú nó iompar, atá ag teacht le mí-úsáid agus nach móide gur tharla sé ar aon bhealach eile;
- iv) Aon ghortú nó iompar atá ag teacht le mí-úsáid agus le míniú neamhchorthach araon, ach a bhfuil táscairí comhthacaíochta ag baint leis a threisiann an imní gur cás mí-úsáide é – e.g. patrún gortuithe, míniú dochreidte, comharthaí eile mí-úsáide, iompar mífheidhmiúil; agus
- v) Fianaise chomhsheasmhach thar thréimhse ama go bhfuil neamart mothúchánach nó fisiceach á dhéanamh sa pháiste.

**2.3.3** Amhras, nach mbeadh aon chomhartha oibiachtúil mí-úsáide nó faillí ag cuidiú leis, ní amhras réasúnta nó ábhar imní réasúnta a bheadh ann. Má mhaireann an t-amhras, áfach, ba chóir Caibidil 3, Alt 3.2.3 (leathanach 12) de na treoirínte seo a léamh.

## **2.4 Conas déileáil le heolas a nochtann páistí**

**2.4.1** Is é is dóichí go mbeadh páistí a mí-úsáideadh faoi mhórstrus mothúchánach agus tharlódh gur ball foirne an t-aon duine fásta a mbeadh sé/sí sásta iontaoibh a chur ann/inti. Ba chóir a bheith an-chúramach gan aon dochar a dhéanamh don iontaoibh sin.

**2.4.2** Nuair a chuirtear faisnéis ar fáil faoi rún, caithfidh an ball foirne bheith tuisceanach mothálach agus é/í ag freagairt don eolas a nochtar. Beidh ar an mball foirne an páiste a chur ar a s(h)uaimhneas, agus a (h)iontaoibh a choimeád, agus é/í ag míniú don pháiste an gá atá le gníomh a dhéanam agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith air seo, torthaí ina gcaithfidh sé bheith i gceist an t-eolas a roinnt le daoine fásta eile. Is den tábhacht é a insint don pháiste go ndéanfar gach ní is féidir chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt dó/di, ach gan gealltanais nach féidir a chomhlíonadh a thabhairt e.g. ag gealladh gan an scéal a insint díéinne eile.

**2.4.3** Cé go gcaithfear bunús imní a shuí chomh cuimsitheach agus is féidir, déantar an chomhairle seo a leanas a thairiscint do phearsanra scoile a nochtann páistí eolas faoi mhí-úsáid dóibh:

- Éist leis an bpáiste
- Ná cuir treoircheisteanna ar an bpáiste agus ná déan moltaí
- Cuir an páiste ar a s(h)uaimhneas ach ná tabhair aon ghealltanais dó/di
- Ná cuir bac ar pháiste agus é/í ag cuimhniú ar eachtraí suntasacha
- Ná lig don scéal dul i bhfeidhm ort as cuimse
- Míniú dó/di go mbífhéidir go gcaithfear tuilleadh cabhrach a lorg
- Déan an díospóireacht a chlárú go cruinn agus coinnigh an taifead



Ba chóir an t-eolas seo a chur in iúl don Duine Caidrimh Ainmnithe ansin mar atá rianaithe i gCaibidil 3, Alt 3.1.1 (leathanach 11) de na treoirínte seo. Ba chóir taifead na díospóireachta a thabhairt don Duine Caidrimh Ainmnithe lena choinneáil.

## **2.5 Ag feighil taifead**

**2.5.1** Nuair a bhíonn amhras ann faoi mhí-úsáid páistí, bíonn taifead den eolas go léir atá ar fáil riachtanach. Ba chóir don fhoireann pé ní atá tugtha faoi deara acu agus cathain a tugadh faoi deara é a nótaíl go cúramach. Ba chóir cur síos go mion ar chomharthaí gortaithe fhisiciúil agus, más cuí, iad a sceitseáil. Ba chóir aon chaint a dhéanann an páiste a bhíonn i gceist, nó a dhéanann aon duine eile, faoi conas a tharla gortú a chlárú - is fearr na focail a úsáideadh i ndáiríre a lua – chomh luath agus is féidir i ndiaidh na cainte. Ba chóir gach taifead a dhéantar ar an dóigh seo a mheas mar thaifead atá faoi ardrún agus ba chóir don Duine Teagmhála Ainmnithe é a choinneáil in ionad slán.

**2.5.2** D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an bord sláinte cuí cuireadh do phearsanra scoile freastal ar chomhdháil um chaomhnú páistí ina dhiaidh sin. Léigh Caibidil 3, Alt 3.4 (leathanach 13) de na treoirínte seo, le do thoil, chun tuilleadh eolais a fháil faoi chomhdhálacha um chaomhnú páistí.

## Caibidil 3 AG TUAIRISCIÚ ÁBHAR IMNÍ AGUS RÓL NA mBORD SLÁINTE

### 3.1 An beart atá le déanamh ag pearsanra scoile

**3.1.1** Má fhaigheann fostaí scoile líomhain nó má tá amhras air/uirthi faoi dhalta a bheith á m(h)í-úsáid, ba chóir don fhostaí scoile, sa chéad áit, tuairisc ar an ábhar a thabhairt don Duine Teagmhála Ainmnithe sa scoil sin. Ba chóir cuimhne a choinneáil ar an ngá atá le rúndacht i gcónaí, mar atá luaite cheana i gCaibidil 1, Alt 1.2 (leathanach 5) de na treoirlínte seo.

### 3.2 An beart atá le déanamh ag an Duine Caidrimh Ainmnithe

**3.2.1** Má bhíonn an fostaí scoile agus an Duine Caidrimh Ainmnithe sásta go bhfuil bunús réasúnta maith leis an amhras nó an líomhain (féach Caibidil 2, Ailt 2.3.2 agus 2.3.3, leathanach 8 agus leathanach 9 de na treoirlínte seo) ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe tuairisc ar an ábhar a thabhairt láithreach don bhord sláinte ábhartha. Is fú a thabhairt fein deara:

- i) Ba chóir tuairisc i bhfoirm tuairisc phearsanta, tuairisc ar an bhfón nó tuairisc i scríbhinn a chur ar fáil don bhord sláinte. Bíonn oibrí sóisialta ar dualgas gach lá i ngach bord sláinte chun bualadh le daoine atá ag iarraidh a n-imní faoi chosaint leanaí a chur in iúl nó chun labhairt ar an teileafón leo.
- ii) B'fhearr de ghnáth dá bhfeádfadh an duine a chonaic an mhí-úsáid nó a bheadh in amhras go mbeadh a leithéid de mhí-úsáid ag tarlú teagmháil phearsanta a dhéanamh leis an oibrí sóisialta ar dualgas.
- iii) I gcás éigeandála nó mura mbeadh fáil ar bhall foirne boird sláinte dífhéadfaí tuairisc a chur ar aghaidh chuig An nGarda Síochána ag aon stáisiún Garda Síochána.

Moltar go gcuimseodh gach tuairisc oiread agus is féidir den eolas a lorgáitear sa Fhoirm Thuairiscithe Chaighdeánach mar atá rianaithe in Aguisín 1 de na treoirlínte seo. Ós rud é go dtarlódh nach mbeadh fáil ag an duine a bheadh ag tabhairt na tuairisce ar an eolas go léir a iarraí, ba chóir na foirmeacha a chomhlánú chomh cuimsitheach agus is féidir. Nuair a bhíonn tuairisc dá leithéid á tabhairt do bhord sláinte, ba chóir é sin a chur in iúl do Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile. Ba chóir cinneadh faoi cé acu ba chóir é seo a chur in iúl freisin do thuismitheoirí/chaomhnóirí an pháiste nó nár chóir a dhéanamh de réir an eolais atá i gCaibidil 1, Alt 1.2.3 (leathanach 5) de na treoirlínte seo.

**3.2.2** I gcásanna ina bhfuil ábhar imní ag pearsanra scoile faoi pháiste, ach nach bhfuil siad cinnte ar chóir tuairisc ar an ábhar a thabhairt don bhord sláinte cuí, ba chóir dóibh comhairle chuí a lorg. Chun é seo a dhéanamh, ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe dul i gcomhairle le foireann chuí an bhoird shláinte. Ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe agus é/í i gcomhairle le foireann chuí an bhoird shláinte a mhíniú go dearfa gur comhairle agus comhairliú atá á n-iarraidh aige/aici agus nach atreorú atá á dhéanamh aige/aici. Ní shamhlófaí ag an gcéim

neamhfoirmiúil seo go mbeadh ar an Duine Caidrimh Ainmnithe mionsonraí a dáithneodh an duine a thabhairt rud a bhíonn ag teastáil nuair a bhíonn atreorú á dhéanamh nó tuairisc á tabhairt. Más é comhairle an bhoird shláinte gur chóir atreorú a dhéanamh, ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe gníomhú de réir na comhairle sin.

**3.2.3** Má bheartaíonn an Duine Caidrimh Ainmnithe, tar éis na díospóireachta atá rianaithe in 3.2.2 thuas a bheith déanta, nár chóir ábhar inní an fhostaí scoile a chur faoi bhráid an bhoird shláinte chuí, ba chóir ráiteas soiléir, agus é i scríbhinn, mar gheall ar na cúiseanna nach bhfuil beart á dhéanamh a thabhairt don fhostaí scoile. Ba cheart a insint don fhostaí scoile go bhfuil lánchead aige/aici dul i gcomhairle leis an mbord sláinte nó tuairisc a thabhairt dó má mhaireann a c(h)uid inní faoin ngnó. Sa chás seo freisin, ba chóir an Fhoirm Thuairiscithe Chaighdeánach atá in Aguisín 1 de na treoirlínte seo a úsáid. Díaireofaí aon tuairisc dá leithéid faoi fhorálacha an Achta um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Mí-úsáid Páistí, 1998.

**3.2.4** Tá liosta de sheoltaí agus dúimhreacha teileafóin caidrimh na mbord sláinte in Aguisín 2 de na treoirlínte seo. Tá sé den riachtanas go gcaithfí leis an ngnó faoi chuing rúin i gcónaí agus nach bpléifí é ach leis na páirtithe atá luaite thuas.

### **3.3 Ról na mbord sláinte**

**3.3.1** Bunaíodh na boird sláinte faoin Acht Sláinte, 1970. Nuair a ritheadh an tAcht um Chúram Leanaí, 1991, leagadh raon freagrachtaí reachtúla ar na boird sláinte i dtaca le leas páistí, tacaíocht teaghlaigh, caomhrú páistí agus cúram páistí.

**3.3.2** An fhreagracht atá tugtha do bhoird sláinte d'fhonn páistí a chaomhnú, tá sí ar fáil i Míreanna 3(1) agus 3(2)(a) den Acht um Chúram Páistí 1991 áit a luaitear

3(1) Beidh sé mar fheidhm ag gach bord sláinte leas na bpáistí sin ina cheantar, nach bhfuil ag fáil dothain de chúram agus de chosaint, a chur chun cinn;

3(2) agus an fheidhm sin dá comhlíonadh aige, ní foláir do bhord sláinte:

(a) a leithéid de chéimeanna a thógáil, a cheapann sé leor chun páistí nach bhfuil ag fáil dothain de chúram agus de chosaint a shainaithint agus an fhaisnéis ó gach fhoinse ábhartha, maidir leis na bpáistí ina cheantar, a chomhordú:

(b) ag cur cearta agus dualgais tuismitheoirí san áireamh, cibé acu faoin mBunrecht nó ar chuma eile:-

(i) breathnú ar leas an pháiste mar an chéad dualgas fiorthábhachtach, agus

(ii) dearcadh cóir, más indhéanta ar chor ar bith é, a thabhairt do thoil an pháiste ag cur aois agus tuiscint an pháiste san áireamh, agus

(iii) aird a thabhairt don phrionsabal a deir go rachadh sé chun leasa an pháiste, go ginearálta, é/í a thógáil ina t(h)eaghlach féin

Ón uair a bhíonn líomhain faoi mhí-úsáid páiste tugtha i dtuairisc do bhord sláinte, is gnó ansin don bhord é cinneadh ar cén gníomh, má tá ceann ar bith, a éilíonn an tuairisc sin. I gcásanna áirithe, is é a dhéanfaidh an bord sláinte ná comhdháil um chaomhnú páistí a ghairm.

### **3.4 Comhdhálacha um chaomhnú páistí**

**3.4.1** Meicníocht is ea an chomhdháil um chaomhnú páistí atá riachtanach do bhoird sláinte agus na seirbhísí um chaomhnú páistí á gcur i gcrích go héifeachtach acu faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991. Fóram is ea í a dhéanann comhordú ar an bhfaisnéis ó na foinsí ábhartha go léir, agus fostaithe scoile san áireamh nuair is gá sin. Bíonn ról lárnach ag an gcomhdháil um chosaint páistí maidir le moltaí agus pléanáil a dhéanamh i dtaca le cúram páistí a dífhéadfadh a bheith i bpríacal mór.

**3.4.2** Is chuig an Duine Caidrimh Ainmnithe ba chóir do bhord sláinte iarratas a chur má theastaíonn uathu go bhfreastalódh fostaí scoile ar chomhdháil um chosaint páistí agus ba chóir dósan/dise dul i gcomhairle le Cathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile. Is féidir le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, tríd an Duine Caidrimh Ainmnithe, a iarraidh ar na húdaráis chúí a mhíniú cén fáth go meastar gur gá an fostaí scoile a bheith i láthair ag an gcomhdháil um chosaint páistí agus cé eile a bheidh i láthair. Íocfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta costais ionadaithe, nuair is gá sin, do mhúinteoirí ar gá dóibh freastal ar chomhdháil um chosaint páistí le linn uaireanta scoile. Ba chóir litir ón mbord sláinte ábhartha, ag dearbhú thinreamh an mhúinteora ar a gcomhdháil um chaomhnú páistí, a sheoladh chuig an Roinn in éineacht leis an iarratas ar íocaíocht don ionadaí.

**3.4.3** De ghnáth, dhéanfaidh duine a bheadh ag freastal ar chomhdháil um chaomhnú páistí tuairisc a sholáthar don chomhdháil. Tá foirm shamplach le haghaidh tuairisce fostaí scoile do chomhdháil um chosaint páistí ceangailte leis seo in Aguisín 3. Níor mhiste a thabhairt faoi deara gur foirm shamplach í seo agus go mbífidir go soláthródh boird sláinte éagsúla foirmeacha de chineálacha eile. Táthar ag súil, áfach, go mbeidh an cineál faisnéise atá á iarraidh san fhoirm seo cosúil leis an gcineál faisnéise a bheidh ag teastáil ó gach bord sláinte.

**3.4.4** Luaitear sna Treoirínte *Children First* gur chóir eolas a thabhairt do dhaoine proifisiúnta i gcónaí má tá páistí agus/nó tuismitheoirí/caomhnóirí le bheith i láthair ag comhdhálacha um chosaint páistí. Dá réir sin, aon phearsanra scoile a bhféadfadh ábhar imní a bheith aige/aici faoi pháirtíocht tuismitheoirí/caomhnóirí ba chóir dó/di teagmháil le cathaoirleach na comhdhála um chosaint páistí roimhré dífhonn treoir a fháil.

**3.4.5** Pleanáil don pháiste agus don teaghlach sa todhcháí is cúram do mholtaí na comhdhála um chosaint páistí. Dífhéadfadh sé go molfadh an chomhdháil go soláthródh gníomhaireachtaí áirithe acmhainní agus seirbhísí don teaghlach. Tharlódh go ndéanfaidh na rannpháirtithe gealltanais maidir le gníomhartha atá siad toilteanach a dhéanamh. Tharlódh go mbeadh sé ar cheann de na moltaí go lorgódh an bord sláinte comhairle dlíodóra mar gheall ar iarratas ar Ordú Cúirte chun an páiste a chosaint. Tá tuilleadh eolais faoina na nósanna imeachta do chomhdhálacha um chosaint páistí in Aguisín 6 de na Treoirínte *Children First* (leathanach 149).

- 3.4.6** D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an bhfostaí scoile súil níos géire a choinneáil ar iompar an pháiste, ar dhóigh nach mbeadh ag teacht salach ar dhualgais láithreacha an fhostaí scoile i leith an ranga mar iomlán. Chuimseodh sé seo breathnú ar iompar an pháiste, idirghníomhú le piaraí, dul chun cinn ar scoil nó comhráití neamhfhoirmiúla.
- 3.4.7** Maidir le daoine a dhéanann tagairt do nó a phléann a n-ábhar inní faoi chúram agus caomhnú páistí le foireann boird shláinte, ba chóir eolas a thabhairt dóibh i ngach cás faoi na gníomhartha is dóichí a dhéanfaidh na daoine proifisiúnta a bhíonn i gceist. Nuair is cuí é agus laistigh de na gnáth-theorainneacha rúndachta, tá sé de dhualgas ar fhoireann boird shláinte eolas a thabhairt, do dhaoine a thuairiscíonn mí-úsáid líomhnaithe páistí agus do dhaoine proifisiúnta páirteacha eile faoi thorthaí aon fhiosraithe nó imscrúdaithe ar an ábhar inní sin a bhfuair siad tuairisc air.

## Caibidil 4 **LÍOMHAINTÍ NÓ AMHRAS FAOI PHÁISTÍ A BHEITH Á MÍ-ÚSÁID AG FOSTAITHE SCOILE**

### 4.1 **Réamhrá**

**4.1.1** Is é cuspóir na caibidle seo treoirlínte a sholáthar do Bhoird Bhainistíochta i gcásanna in líomhnaítear mí-úsáid ar fhostaí scoile. Is é an rud is tábhachtaí atá le cur san áireamh ag Bord Bainistíochta ná cosaint na bpáistí, agus caithfear tús áite a thabhairt dá sábháilteacht agus dá bhfolláine. Toisc fostaithe scoile a bheith páirteach, áfach, bíonn dualgais ar an mBord Bainistíochta i dtaca leo siúd chomh maith. Déantar na treoirlínte seo a thairiscint chun cuidiú le Boird Bhainistíochta aird chuí a thabhairt ar chearta agus ar leas na bpáistí atá faoina gcúram agus ar chinn an fhostaí a ndéantar an líomhain ina c(h)oinne.

**4.1.2** Mar fhostóirí, ba chóir do Bhoird Bhainistíochta a thabhairt faoi deara gur chóir comhairle dlíodóra a lorg i gcónaí sna cásanna seo toisc nach ionann na himthosca ó chás go chéile agus nach féidir déileáil le gach cineál tarlaithe sna treoirlínte seo.

**4.1.3** Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil dhá mhodh le leanúint:

- i) an modh tuairiscithe maidir leis an líomhain;
- ii) an modh chun déileáil leis an bhfostaí.

I gcoitinne níor cheart an fhreagracht as déileáil le saincheist na tuairiscithe agus saincheist na fostaíochta a bheith ar an duine céanna. I gcás na mbunscoileanna, tá freagracht ar an Duine Caidrimh Ainmnithe as tuairisc ar an ngnó a thabhairt don bhord sláinte cuí agus tá Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, agus é/í ag gníomhú i gcomhairle lena B(h)ord Bainistíochta, freagrach as plé le saincheist na fostaíochta. Más in aghaidh an Duine Caidrimh Ainmnithe a dhéantar an líomhain mí-úsáide, áfach, glacfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta freagracht as tuairisc ar an ngnó a thabhairt don bhord sláinte.

**4.1.4** Is é bunaidhm na mBord Bainistíochta na páistí laistigh den scoil a bhfuil a gcúram mar dhualgas orthu a chosaint. Tharlódh, áfach, go ndéanfaí líomhaintí earráideacha nó mailíseacha in aghaidh fostaithe scoile. Ar an ábhar sin, ba chóir déileáil le haon líomhain faoi mhí-úsáid go mothálach agus caitheamh go cóir leis an bhfostaí. Tá ceart an duine go gcuirí aon bhreithiúnas ar fionraí go dtí go mbíonn fiosrú iomlán cóir déanta san áireamh anseo.

### 4.2 **An modh tuairiscithe**

**4.2.1** Nuair a dhéantar líomhain faoi mhí-úsáid in aghaidh fostaí scoile, ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe sa scoil ghíomhú láithreach de réir na modhanna atá rianaithe i gCaibidil 3, Alt 3.2 (leathanach 11) de na treoirlínte seo. Ba chóir ráiteas scríofa faoin líomhain a iarraidh ar an duine/ngníomhaireacht atá ag déanamh na líomhna (is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí ráiteas a sholáthar thar ceann an pháiste). Braithfidh cumas an bhoird shláinte nó an Bhoird

Bhainistíochta chun amhras nó líomhaintí faoi mhí-úsáid a mheasúnú ar mhéid agus ar fheabhas na faisnéise a thugtar dóibh. Ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe eolas faoin líomhain a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta i gcónaí, cé acu an bhfuil tuairisc á tabhairt don bhord sláinte nó nach bhfuil.

**4.2.2** Fostaithe scoile, seachas an Duine Caidrimh Ainmnithe, a fhaigheann líomhaintí in aghaidh fostaí scoile eile faoi mhí-úsáid, ba chóir dóibh tuairisc faoin ngnó a thabhairt gan mhoill don Duine Caidrimh Ainmnithe mar atá rianaithe i gCaibidil 3, Alt 3.1.1 (leathanach 11) de na treoirlínte seo. Ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe na modhanna atá leagtha síos in Alt 3.2 (leathanach 11) de na treoirlínte seo a leanúint ansin.

**4.2.3** Ba chóir dífhostaithe scoile a dtagann amhras orthu faoi iompar fostaí scoile eile dul i gcomhairle leis an Duine Caidrimh Ainmnithe. Tharlódh gur mhian leis an Duine Caidrimh Ainmnithe dul i gcomhairle leis an mbord sláinte cuí. Má bhíonn an Duine Caidrimh Ainmnithe agus an fostaí scoile sásta go bhfuil bunús réasúnta maith leis an amhras, ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe tuairisc faoin ngnó a thabhairt don bhord sláinte ábhartha láithreach. Ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe tuairisc faoin ngnó a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta freisin, agus ba chóir dósan/dise gníomhú de réir na modhanna atá breacrianaithe in Alt 4.3 thíos. Ba chóir Caibidil 3, Alt 3.2 de na treoirlínte seo a léamh go hiomlán, in éineacht leis an alt seo.

## **4.3 An beart atá le déanamh ag an gCathaoirleach**

**4.3.1** Nuair a fhaigheann Cathaoirleach Boird Bhainistíochta fios faoi líomhain mí-úsáide in aghaidh fostaí scoile, ba chóir don Chathaoirleach eolas a thabhairt don fhostaí go príobháideach faoi na nithe seo:

- i) gurb amhlaidh go bhfuil líomhain déanta ina (h)aghaidh;
- ii) nádúr na líomhna;
- iii) cé acu an bhfuil tuairisc faoin ngnó tugtha ag an Duine Caidrimh Ainmnithe don bhord sláinte cuí nó nach bhfuil.

**4.3.2** Ba chóir cóip den líomhain scríofa nó aon doiciméadú ábhartha eile a thabhairt don fhostaí. Ba chóir a iarraidh ar an fhostaí freagra ar an líomhain a thabhairt i scríbhinn don Bhord Bainistíochta faoi cheann aimsire a luaitear. Ba chóir a insint don fhostaí go gcaithfí an míniú a thabharfadh sé/sí don Bhord Bainistíochta a thabhairt don bhord sláinte ina dhiaidh sin freisin.

**4.3.3** Ag an gcéim seo, ba chóir a mheabhrú gurb é an chéad tosaíocht féachaint chuige nach gcuirtear aon pháiste i mbealach priacail gan riachtanas. Ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta aon ghníomh cosanta atá riachtanach a dhéanamh go práinneach. Ba chóir na gníomhartha seo a bheith i gcomhréir le méid an phriacail agus níor chóir go gcuirfidís piónós míréasúnta ar an bhfostaí, ó thaobh airgid nó ar mhodh eile, mura gá é chun páistí a chosaint.

**4.3.4** Más é tuairim an Chathaoirligh go n-éilíonn an líomhain beart láithreach, ba chóir don Chathaoirleach, thar ceann an Bhoird Bhainistíochta, a ordú don fostaí fanacht as láthair ón scoil láithreach bonn. Mura bhfuil an Cathaoirleach cinnte go n-éilíonn nádúr na líomhaintí asláithreach an fostaí ón scoil fad a bhíonn an gnó á iniúchadh, ba chóir dó/dí dul i gcomhairle leis an mBainisteoir um Chúram Leanaí sa bhord sláinte áitiúil agus/nó leis an nGarda Síochána chun comhairle a fháil faoin mbeart a mheasfadh na húdaráis seo a bheith riachtanach. I ndiaidh na gcomhairlí seo, ba chóir don Chathaoirleach aird chuí a thabhairt ar an gcomhairle a bhíonn faighte aige/aici.

**4.3.5** Mheasfaí aon asláithreacht fostaí mar chead scoir riarthach le pá agus ní mar fhionraíocht. Ní thabharfadh cead scoir dá leithéid le tuiscint go raibh an fostaí scoile ciontach ar aon mhodh. Má théitear i muinín cead scoir dá leithéid, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le:

- i) Faomhadh foirmiúil do chead scoir ar phá an fostaí scoile
- ii) Cead na Roinne chun ionadaí a fhostú.

## **4.4 Iarobair bhreise de dhíth**

**4.4.1** Cé acu an bhfuil an fostaí as láthair ón scoil ar chead scoir riarthach nó nach bhfuil, tá sé riachtanach go dtabharfadh an Cathaoirleach faisnéis don Bhord Bainistíochta láithreach faoin ngnó. Ba chóir don Chathaoirleach cruinniú den Bhord a thionól láithreach chuige seo agus faisnéis a thabhairt do bhaill an Bhoird faoi nádúr na líomhaintí, an beart a rinneadh i dtaca leo sin agus toradh comhairlí ar bith leis an mbord sláinte agus/nó leis an nGarda Síochána. Ba chóir na dualgais thromchúiseacha atá orthu maidir le dianrúndacht faoi gach ní a bhaineann leis an ngnó a mheabhrú do bhaill an Bhoird Bhainistíochta. Ba chóir don Bhord cloí le prionsabail na próise dleachtaí agus an chirt nádúrtha.

**4.4.2** Ba chóir a nótáil go mbífhéidir nach mbeadh sé ar chumas an Bhoird Bhainistíochta, i gcásanna áirithe, teacht ar aon tátal deimhneach faoi cé acu ar tharla an líomhain i ndáiríre. D'fhéadfadh cás dá leithéid tarlú nuair a bhaineann na líomhaintí mí-úsáide le fostaíocht an fostaí scoile san am atá caite agus nuair atá na líomhaintí á bhfiosrú ag an mbord sláinte nó ag an nGarda Síochána. I gcásanna dá leithéidí, tharlódh nach bhféadfadh an Bord Bainistíochta aon fhiosrú ceart a dhéanamh ar na líomhaintí. Sna cásanna seo ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta caidreamh dlúth rialta a chothú leis na húdaráis seo agus nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi dhála an fostaí scoile ba chóir aird chuí a thabhairt ar an gcomhairle a bhíonn tugtha ar na húdaráis seo don Bhord Bainistíochta. Má dhéantar cinneadh gur chóir don fostaí glacadh le cead scoir riarthach, ba chóir faisnéis a thabhairt don Roinn Oideachais agus Eolaíochta láithreach.



**4.4.3** Má tharla, áfach, an mhí-úsáid líomhnaithe laistigh dá scoil, nó má bhaineann sí le mí-úsáid páistí de chuid na scoile, ag fostaithe scoile lasmuigh díam scoile, ba chóir don Bhord Bainistíochta cruinniú breise a thionól. Ag an gcruinniú seo ba chóir don Bhord na líomhaintí atá déanta in aghaidh an fhostaí scoile maille le foinse na líomhaintí seo, comhairle na mbord sláinte agus/nó an Gharda Shíochána i dtaca leis an líomhain agus freagra scríofa an fhostaí ar an líomhain a mheas go cruinn.

**4.4.4** Ag an gcruinniú seo ba chóir deis a thabhairt don duine/ghníomhaireacht atá ag cur na mí-úsáide i leith an fhostaí scoile a c(h)ás a chur faoi bhráid an Bhoird agus féadfaidh duine eile a bheith ina c(h)uideachta agus é seo á dhéanamh aige/aici. Is féidir le tuismitheoirí / caomhnóirí gníomhú thar ceann páiste. Mar an gcéanna ba chóir deis a thabhairt don fhostaí a c(h)ás a chur i láthair an Bhoird agus féadfaidh duine eile a bheith ina c(h)uideachta freisin.

**4.4.5** Tar éis don Bhord na modhanna atá rianaithe thuas a leanúint, agus tar éis dó a chinntiú dó féin go bhfuil dóthain eolais faoina lámh aige chun go gcinneadh sé ar rún daingean maidir leis an líomhain, ba chóir don Bhord cinneadh a dhéanamh ansin faoin mbeart, má tá ceann ar bith, a cheapann siad a bheith riachtanach i dtaca leis an bhfostaí. Ba chóir faisnéis faoin toradh a thabhairt don Roinn Oideachais agus Eolaíochta má bhí an fostaí as láthair ar chead scoir riarthach.

## **4.5 Aiseolas ó bhoird sláinte**

**4.5.1** Leagann na Treoirínte *Children First* dualgas ar Bhoird Bhainistíochta féachaint chuige go ndéantar socrúithe chun aiseolas a sholáthar d'fhostóirí maidir le dul chun cinn fiosraithe mí-úsáide i dtaca le fostaí. Tá sé ráite go soiléir sna treoirínte seo gur chóir iarracht a dhéanamh gearáin in aghaidh fostaithe a fhiosrú go pras ag cuimhniú ar na mórimpleachtaí dífhostaí neamhchiontach. Ba chóir do bhoird sláinte tuairiscí agus taifid a chur ar aghaidh go dtí an fhostóir agus an fostaí a bhíonn i gceist nuair is cuí. Cuideoidh sé seo leis an bhfostóir teacht ar chinneadh maidir leis an mbeart atá le déanamh go fadtréimhseach mar gheall ar an bhfostaí. Ba chóir toradh fiosruithe a chur in iúl dífhostóirí i gcónaí. Is é dualgas Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta dlúth-caidrimh a chothú leis na boird sláinte chun a chinntiú go ngníomhaíonn na boird sláinte go pras i gcásanna mí-úsáide líomhnaithe ina mbíonn fostaithe scoile i gceist.

## Caibidil 5 MÍ-ÚSÁID PIARAÍ AGUS BULAÍOCHT

### 5.1 Réamhrá

- 5.1.1** Tá sé tábhachtach nach ndéanfaí neamhaird ar iompar gnéasaithe i measc páistí agus ba chóir cásanna áirithe a atreorú chuig an mbord sláinte de réir mar is cuí. Mar sin féin, tá sé an-tábhachtach freisin go n-aithneofaí na cineálacha éagsúla iompair go soiléir agus nach mbaistfí “mí-úsáideoir páistí” ar aon ógánach go héagórach gan anailís léir a bheith déanta ar an iompar áirithe. Rianaíonn na Treoirínte *Children First* (Caibidil 11) ceithre chatagóir éagsúla iompair ar gá aird a thabhairt orthu agus tá sé tábhachtach go léifeadh pearsanra uile na scoile Caibidil 11 de na Treoirínte *Children First* i gcás ábhar imní a bheith acu faoi mhí-úsáid fhéideartha.
- 5.1.2** I gcásanna ina líomhnaítear mí-úsáid páistí a bheith tugtha ag páiste eile, ba chóir na bealaí tuairiscithe atá breacrianaithe i gCaibidil 3 (leathanach 11) de na treoirínte seo a leanúint.
- 5.1.3** Tá iompar gnéasaithe i measc páistí mí-oiriúnach agus caithfear mór-aird a thabhairt air. Ba chóir do scoileanna cruinnithe scoite a bheith acu le tuismitheoirí na bpáistí go léir a bhíonn páirteach in iompar dá leithéid dífhonn an fhadhb a réiteach.
- 5.1.4** D’fhéadfadh iompar gnéasaithe a bheith ina chomhartha ar dhála ba chóir don bhord sláinte a mheasúnú. Páistí a bhíonn ag imirt mí-úsáide ar pháistí eile, bíonn measúnú cuimsitheach agus idirghabháil theiripeach ó dhaoine proifisiúnta sciliúla um chúram leanaí de dhíth orthu. Is eol dúinn go dtosaíonn roinnt mí-úsáideoirí fásta ar a gcuid mí-úsáide in aois na hóige agus na hógánachta, go mbíonn líon suntasach díobh tar éis mí-úsáid a fhlulaingt agus gur dócha go n-éireoidh an mhí-úsáid níos measa de réir a chéile. Ar an ábhar sin, tá atreorú agus idirghabháil luath den riachtanas.

### 5.2 Mí-úsáid ghnéasach á tabhairt ag páistí agus daoine óga

- 5.2.1** I gcásanna ina mbíonn ábhar imní ag pearsanra scoile faoi pháiste, ach nach bhfuil siad cinnte cé acu ar chóir dóibh tuairisc ar an ngnó a thabhairt don bhord sláinte cuí, ba chóir dóibh comhairle chúí a lorg. Chun é seo a dhéanamh, ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe dul i gcomhairle le foireann an bhoird shláinte chúí. Ba chóir don Duine Caidrimh Ainmnithe, agus é/í i gcomhairle le foireann an bhoird shláinte chúí, a mhíniú go dearfa gur comhairle agus comhairliú atá n-iarraidh aige/aici agus nach atreorú atá á dhéanamh aige/aici. Ní shamhlófaí ag an gcéim neamhfhoirmiúil seo go mbeadh ar an Duine Caidrimh Ainmnithe mionsonraí a dáithneodh an duine a thabhairt rud a bhíonn ag teastáil nuair a bhíonn tuairisc á tabhairt.
- 5.2.2** I gcásanna ina mbíonn páistí ag imirt mí-úsáide ar pháistí eile, is é dualgas an bhoird shláinte ábhartha é cláir chóireála chúí a bhunú chun freastal ar pháistí a chleachtann iompar mí-úsáide in aghaidh páistí eile.
- 5.2.3** Ba chóir do scoileanna socruithe cuí a dhéanamh freisin i dtreo go laghdófaí an seans go dtarlódh aon iompar mí-úsáide arís sa scoil. Ba chóir do scoileanna gealltanais a thabhairt freisin do thuismitheoirí/chaomhnóirí íospartach na mí-úsáide go ndéanfaidh an scoil gach

gníomh atá réasúnta chun a chinntiú go mbeidh a bpáistí sábháilte laistigh den scoil. Ba chóir don phríomhoide agus agus do na múinteoirí ranga a bhíonn i gceist socruithe a dhéanamh chun bualadh le tuismitheoirí na bpáistí go léir a bhí páirteach sa teagmhas d'fhonn plé leis an ngnó. Ba cheart cruinnithe scoite a shocrú do thuismitheoirí na bpáistí a bhí páirteach.

## **5.3 Bulaíocht**

**5.3.1** Is féidir bulaíocht a shainmhíniú mar ionsaí athfhillteach, bíodh sé briathartha, síceolaíoch nó fisiceach, a dhéanann duine aonair nó grúpa ar dhaoine eile. Is iompar é a chránn agus a imeaglaíonn duine díaoon turas agus tarlaíonn sé go mór mór i measc páistí i dtimpeallachtaí sóisialta ar nós scoileanna. Cuimsíonn sí iompar, ar nós griogadh, tarcaisniú, bagairt, bualadh, eisiamh nó sracaireacht, a imríonn dalta amháin nó níos mó ar íospartach. D'áireofaí na cineálacha iompair bhulaíochta is measa, más aosaigh in áit páistí a chuireann i gcrích iad, mar mhí-úsáid fhisiceach nó mhothúcháinach. Ní chuimsítear mórchineálacha eile mí-úsáide páistí, áfach, ar nós faillí agus mí-úsáid ghnéasach sa téarma bulaíocht.

**5.3.2** Aithnítear gur fadhb í an bhulaíocht atá ag dul i méid i scoileanna. Tá údaráis bhainistíochta scoileanna freagrach, sa chéad áit, as déileáil le bulaíocht sa scoil agus ba chóir dóibh an dualgas seo a chomhlíonadh agus aird á tabhairt acu ar na *Treoirínte um Iompar Bulaíochta a Chosc i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna* a eisíodh i 1993. Tá sé fóiríochanach go mbeadh dúnghaois i bhfeidhm ag Boird Bhainistíochta chun déileáil le bulaíocht agus go mbeadh múinteoirí feasach ar an dúnghaois seo agus ar na treoirínte imeachta chun déileáil le bulaíocht atá i gcód iompair agus araíonachta na scoile. I gcásanna ina bhfuil an teagmhas tromchúiseach agus nuair a mheastar baol mí-úsáide a bheith san iompar, ba chóir don scoil dul i gcomhairle leis an mbord sláinte ábhartha d'fhonn freagairt chuí a cheapadh.